



15^ú Deireadh Fómhair, 2020

Maidir le: Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta do Sheirbhísí ar Aois Scoile

A Sholáthraí Seirbhíse ar Aois Scoile

Ba mhian leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Cigireacht Luathbhlianta Tusla a mheabhrú do sheirbhísí gur gá an próiseas clárúcháin do sheirbhísí cúraim leanaí ar aois scoile a chur i gcrích.

Mar is eol duit, is riachtanas é clárú seirbhísí ar aois scoile faoi [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\) \(Clárú Seirbhísí ar Aois Scoile\) 2018](#). Cuireadh tús le clárú seirbhísí ar aois scoile, ar bhonn céimnithe, ón 18 Feabhra 2019 le tosaíocht á thabhairt do sheirbhísí ar aois scoile neamhspleácha i dtosach agus clárú seirbhísí ar aois scoile atá cláraithe cheana mar sheirbhís luathbhlianta ag tosú ó Bhealtaine 2019.

B'fhéidir go bhfuil tú ar an eolas freisin go gceadaíonn an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) a fheidhmíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim díolúine ó riachtanais láimhdeachais na scéime a luaithe a dhéantar "ainm an fhostóra a iontráil sa chlár arna bhunú agus arna chothabháil faoi alt 58C den Acht um Chúram Leanaí 1991." Caithfear critéir eile a chomhlíonadh freisin ar nós clárú le hIoncam ar Líne, 7rl.

D'fhonn na Rialacháin a chomhlíonadh agus do sheirbhísí ar mian leo leas a bhaint as an díolúine láimhdeachais sa SFPF, spreagtar seirbhísí chun gach doiciméad atá fós le réiteach a chur isteach d'fhonn a bpróiseas clárúcháin a chur i gcrích.

Cuirtear in iúl do sholáthraithe nach féidir le Tusla ach iarratais chomhlánaithe a bhfuil an doiciméadúchán tacaíochta riachtanach go léir ceangailte leo a phróiseáil. **Tá sé de fhreagracht ar an soláthraí seirbhíse a chinntiú go bhfuil siad eolach faoin bpróiseas iarratais agus go bhfuil an doiciméadúchán riachtanach curtha isteach acu. Caithfidh na beartais agus an ráiteas um chosaint leanaí a cheanglaítear a chur isteach le d'iarratas cloí leis an treoir a chuirtear ar fáil ar láithreán gréasáin Tusla atá le glacadh.**

Má rinne tú iarratas ar chlárú cheana féin, déan cinnte do thairseach iarratais a sheiceáil mar taispeánfar gach cumarsáid leat maidir le d'iarratas ansin. Mar gheall ar éileamh agus méid ard, tógfaidh sé tamall iarratais a phróiseáil. Mar sin, moltar duit d'aighneacht a chomhlánú a luaithe is féidir.

Mar a léiríodh i gcumarsáidí roimhe seo, tá raon doiciméad tacaíochta ar fáil chun cuidiú leat leis an bpróiseas iarratais. Ina measc seo tá:

- Ceisteanna Coitianta maidir le Clárú Cúram Leanaí ar Aois Scoile Tusla
- Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí ar Aois Scoile) 2018 – Ceisteanna Coitianta


- Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí ar Aois Scoile) 2018 – Treoir Mhínteach, agus
- Seicliosta um Chlárú Beartas Cúraim Leanaí ar Aois Scoile.

Tá siad go léir ar fáil ar [láithreán gréasáin Tusla](#).


Tá cúnaimh le d'iarratas chun do sheirbhís a chlárú ar fáil freisin ó do Choiste Cúraim Leanaí Cathrach /Contae áitiúil ([myccc.ie](#)).

Má chuir tú do phróiseas iarratais i gcrích le déanaí agus má cuireadh do sheirbhís le clár na seirbhísí ar aois scoile, ní gá duit aon bheart a dhéanamh maidir leis an gcumarsáid seo.

Mise le meas



Fiona McDonnell
Stiúrthóir Seirbhíse Náisiúnta
Rialáil Seirbhísí Leanaí
Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta
Tusla



Toby Wolfe
Príomhoifigeach
Rannán na Luathbhlianta
Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige